

Bainfidh múinteoirí úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil le cinneadh a dhéanamh ar do ghráid. Tabharfar Gráid Ionad-Chinnte orthu seo.

Leibhéal AF agus A-leibhéal

Tabharfar **Gráid Ionad-Chinnte** do dhaltaí leibhéal AF agus A-leibhéil atá iontráilte do cháilíochtaí CCEA in 2021.

TGM

Tabharfar **Gráid Ionad-Chinnte** do dhaltaí TGM i mBliain 12 nó os a chionn, ar a n-áirítear iad siúd atá ag dul don bhreisoideachas agus don traenáil, a bhfuil iontráil déanta acu do cháilíochtaí CCEA in 2021.

Bliain 11

Ní féidir daltaí i mBliain 11 nó faoi sin a bheith iontráilte do cháilíochtaí TGM nó na cáilíochtaí siúd a bheith bronnta orthu in 2021. Caithfidh tú leanúint ar aghaidh ag déanamh staidéar ar d'ábhair TGM isteach i mBliain 12.

Tá dhá eisceacht ann:

- Daltaí **GCSE Irish** a d'fhéadfadh dul ar aghaidh go Gaeilge TGM nó a bhfuil *GCSE Irish* de dhíth orthu le dul ar aghaidh go cúrsaí eile a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge; agus
- Daltaí **Mhatamaitic TGM** a bhfuil sé ar intinn acu iontráil do **Mhatamaitic Ardchéime TGM** in 2022. (*Tá Matamaitic TGM de dhíth le dul ar aghaidh go Matamaitic Ardchéime TGM*)



Cuirfidh CCEA traenáil, tacaíocht agus treoir ar fáil do do scoil/choláiste, lena chinntiú go dtarlaíonn grádú ar bhonn cothrom.



Ní úsáidfear **aon algartam** le do ghráid a oibriú amach i mbliana.



Bunóidh múinteoirí do ghráid ar réimse fianaise atá ann cheana féin, cosúil le hobair chúrsa, tástálacha ranga a bhí ann roimhe, measúnú rialaithe agus/nó bréagthástálacha. Ní dhéanfar measúnú ort ach amháin ar na rudaí ar tugadh teagasc duit orthu.



Cuirfidh CCEA **Áiseanna Measúnaithe** roghnacha ar fáil do gach ábhar – déanfaidh múinteoirí iad seo a mharcáil.



Eiseofar torthaí leibhéal AF agus A-leibhéil ar an 10 Lúnasa, agus torthaí TGM ina ndiaidh ar an 12 Lúnasa.



Má tá tú míshásta le do thorthaí, is féidir leat iad a cheistiú – ag dul i dteagmháil le do scoil nó le do choláiste le hathbhreithniú a dhéanamh ar an chéad dul síos.



Le tuilleadh eolais a fháil ar Bhronnadh Shamhradh 2021, ar a n-áirítear Ceisteanna a Chuirtear go Minic, téigh chuig www.ccea.org.uk/summer-2021